Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Iúil 2023
(OR. en)

10713/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0348(COD)**

PECHE 305
CODEC 1390
PE 91

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe arb is infheidhme iad sa Limistéar a chumhdaítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA)<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 10 go dtí an 13 Iúil 2023) |

## I. RÉAMHRÁ

An 24 Bealtaine 2023, thíolaic rapóirtéir Pharlaimint na hEorpa don togra thuasluaite, João PIMENTA LOPES (An Chlé, PT), tuarascáil thar ceann an Choiste um Iascach (PECH) ina raibh dréachtrún reachtach lena ndiúltaítear an togra le haghaidh Rialacháin.

## II. VÓTÁIL

Chaith Parlaimint na hEorpa vóta sa suí iomlánach an 11 Iúil 2023 chun diúltú don togra ón gCoimisiún.

I gcomhréir le Riail 59 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, iarradh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar ansin.

Ar thogra ón rapóirtéir, lean an Pharlaimint ar aghaidh ina dhiaidh sin lena rún reachtach a ghlacadh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>
**(11.7.2023)**

# Bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe sa limistéar a chumhdaítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA)

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Iúil 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe arb is infheidhme iad sa Limistéar a chumhdaítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) (COM(2022)0563 – C9-0370/2022 – 2022/0348(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0563),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0370/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0192/2023),

1. ag diúltú don togra ón gCoimisiún;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a tharraingt siar;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.